2025/1240

20.6.2025

CINNEADH (AE) 2025/1240 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 11 Meitheamh 2025

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2020/187 maidir le cur chun feidhme an tríú clár ceannaigh bannaí faoi chumhdach (BCE/2020/8) *(BCE/2025/20)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 127(2), an chéad fhleasc, de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 12.1, an dara fomhír, i gcomhar le hAirteagal 3.1, an chéad fhleasc, agus Airteagal 18.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh BCE/2014/40 ón mBanc Ceannais Eorpach ([1]) bunaíodh an tríú clár ceannaithe bannaí faoi chumhdach (CBPP3) agus athmhúnlaítear é i gCinneadh (AE) 2020/187 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2020/8) ([2]). Tá roinnt coimircí in CBPP3 chun a áirithiú go mbeidh ceannacháin agus sealbhú bannaí faoi chumhdach comhréireach lena aidhmeanna. Ba cheart a áirithiú leis na coimircí sin freisin go gcuirfear rioscaí airgeadais gaolmhara san áireamh i ndearadh CBPP3 agus ba cheart dóibh peirspictíochtaí bainistithe riosca a léiriú.

(2) Dá réir sin, chinn an Chomhairle Rialaithe an 24 Aibreán 2025 leasú a dhéanamh ar na forálacha maidir le contrapháirtithe incháilithe do CBPP3 chun cead a thabhairt do bhainc cheannais an Eurochórais páirt a ghlacadh in idirbhearta caighdeánacha margaidh amhail idirbhearta athcheannaigh ag eisitheoirí bannaí faoi chumhdach ('aischeannach').

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2020/187 (BCE/2020/8) a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4 de Chinneadh (AE) 2020/187 (BCE/2020/8):

'*Airteagal 4*

Contrapháirtithe incháilithe

Beidh na nithe seo a leanas ina gcontrapháirtithe incháilithe do CBPP3, le haghaidh idirbhearta glan amach agus le haghaidh idirbhearta iasachta urrús a bhaineann le bannaí faoi chumhdach arna sealbhú i bpunanna an Eurochórais CBPP3 araon:

(a) eintitis a chomhlíonann na critéir incháilitheachta chun páirt a ghlacadh in oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais de bhun Airteagal 55 de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60);

(b) aon chontrapháirtithe eile a úsáideann bainc cheannais an Eurochórais chun a bpunanna infheistíochta atá ainmnithe in euro a infheistiú, lena n-áirítear contrapháirtithe nach bhfuil sa limistéar euro atá gníomhach i margaí na mbannaí faoi chumhdach; agus

(c) eisitheoirí bannaí faoi chumhdach arna sealbhú i bpunanna an Eurochórais CBPP3 nach bhfuil feidhm ag pointe (a) ná pointe (b) maidir leo, ach amháin i gcás ina ndéanann an t-eisitheoir sin an banna faoi chumhdach ábhartha a athcheannach de bhun aischeannaigh.'.

([1]) Cinneadh BCE/2014/40 ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le cur chun feidhme an tríú clár ceannaithe bannaí faoi chumhdach (IO L 335, 22.11.2014, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/828/oj).

([2]) Cinneadh (AE) 2020/187 ón mBanc Ceannais Eorpach an 3 Feabhra 2020 maidir le cur chun feidhme an tríú clár ceannaithe bannaí faoi chumhdach (BCE/2020/8) (IO L 39, 12.2.2020, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/187/oj).

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an gcúigiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 11 Meitheamh 2025.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE